
# Guth Ghoill

€3



Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.

**Fón:** 074 9154830 / **R-phost:** ceimaniar@eircom.net **Facebook:** Céim Aniar Teo

CLÁR

Coirnéal Nan 2
John Mharcais Eoghain 5
Teach Solais 11
Féilte na Bliana 13



# Coirnéal Nan

Tá mé ag gabháil ar ais go dtí na seascaidí leis an scéal seo. Tráthnóna Dé hAoine amháin landáil George McNutt ar an tsráid lena veain. Ba ghnáth leis a ghabháil thart ag an am sin ó dhoras go doras ag díol earraí ó shiopa s'aige. Agus leoga, bhí sé breá úsáideach mar cha raibh gléas taistil ar bith fán teach ach amháin an rothar dubh. De réir mo chuimhne bhí na rothair uilig dubh ag an am sin. Thiocfadh John a' Búistéir thart tráthnóna Dé Sathairn agus cheannódh muid dinnéar an Domhnaigh uaidh. Sin mar a bhí, tháinig athruithe ó shin.

Cibé ar bith chuaigh mé amach chuig an veain agus d'inis George domh go raibh Paidí Ghráinne ag iarraidh ar Neil a dhul siar chuige le cuidiú leis crúba an asail a ghearradh. D'imigh Neil (sin m'fhear céile) siar a' bealach agus a chuid uirlísí leis agus cha raibh a dhath amach as áit le sin mar is minic a chuideodh sé le Paidí nuair a bheadh jabanna beaga le déanamh. D'imigh an tráthnóna agus tháinig an oíche. Caithfidh gur lár an Fhómhair a bhí ann mar thit an dorchadas thart fán seacht agus cha raibh iomrá ar bith ar Neil. Cibé ar bith bhí mé fhéin ag dul chuig an Bhingo i gCarraig Airt agus bhí mé ag iarraidh go mbeadh Neil sa bhaile sula n-imeoinn. Bhí barúil mhaith agam fán am seo fá caidé a bhí ag dul ar aghaidh i dteach Phaidí Ghráinne. Chuir mé orm mo chóta, thug me liom tóirse beag agus chuaigh mé siar.



Chuala mé an ceol is mé píosa maith ón teach. Nach cinnte gur Neil a bhí ag ceol, ' The Banks of Mulroy Bay ' agus Paidí agus fear eile ag teacht isteach anois is arís. D'oscail mé an doras go tobann agus stad an ceol agus bhí an triúr ina suí ansin agus an béal foscailte ar achan fhear acu. Bhí siad cosúil le páistí beaga a dtiocfá orthu is a lámha istigh i mbocsa an tsiúcra. Bhí dhá bhuidéal uisce beatha ar an tábla, buidéal amháin acu folamh agus an triúr ag déanamh a ndícheall ar an darna ceann. Char

chuntas mé na buidéil Guinness, folamh agus lán a bhí ar an tábla fosta.  Bhí craos de thine thíos ag Paddy, tine a  rósfadh tarbh.



"Bhail anois," a dúirt mé, "nach sibh atá sonasach sásta." "Seo suigh," a Nan, arsa Paidí liom, "tá'n craic maith."  "Éist thusa liomsa, a Phaidí", arsa mise , "tá'n craic thart. Tá sé thart i dtaca le Neil de cibé.  Amharc ar an chut atá air. Ghlacfainn barra rotha a fháil le é a thabhairt na bhaile." "Níl mise ag gabháil 'na bhaile," arsa Neil, "níl an craic ach i ndiaidh toiseacht."

"Thosaigh an carry-on seo luath sa tráthnóna" a dúirt mé.  "Inseoidh mé rud amháin duit, a Phaidí, thig leat crúba d'asail a bhearradh tú fhéin ó seo amach."Donnchadh a bhí ar an tríú fhear agus thosaigh seisean ag gáire.  "Níl asal ar bith ag Paidí," a dúirt sé. "Dhíol sé é mí ó shin."  "Ó, ag cuir dallamullóg ormsa a bhí tú, a Phaidí."

"Arú a Nan," arsa Paidí, is é ag déanamh iarracht seasacht.  "Ná bí mar sin, cad é a bhí ann ach giota craic. Anois, fág thusa Neil ansin, is gheobhaidh muid é na bhaile." "Gheobhaidh," arsa mise, "huh!  Níl aon duine den triúr agaibh atá ábalta seasacht i gceart."  Le scéal fada a dhéanamh gairid, cha raibh me ábalta Neil a fháil amach as an teach agus cha raibh mise chun an bingo a mhisseáil agus mar sin de d'imigh mé liom.

Nuair a bhí an bingo thart tháinig mé isteach 'na tí.

Bhí an chistin lán toit agus dhá scadán dóite ar an phanna, agus Neil ina shuí cois tine agus píopa ina bhéal.  'A Neil', a scairt mé.  "Nach dtug tú fá deara an toit amuigh anseo''.  "Ó Lorda'', arsa Neil, '' rinne mé  dearmad glan ar na scadáin." "Bhail, tá tú rómhall anois," a dúirt mé, is chaith mé an panna is na scadáin amach an doras cúil.  Bhain mé díom mo chóta agus d'oscail mé na fuinneoga uilig.  "Cuideoidh mise leat," arsa Neil.  "Suigh thusa ar do thóin," a dúirt mé, "sula níonn tú a dhath níos mó dochair.  Cibé ar bith char shíl mé go mbeifeá sa bhaile romham.  Níl sé cosúil leat."  "Thit mé amach leofa'', arsa Neil.



Teach Phaidí Ghráinne

Thosaigh mé fhéin ag gáire. "Thit tú amach leo, eh? Na trí amigos agus thit sibh amach. Cad é faoi Dhia a tharla?" "Tá dearmad déanta agam," arsa Neil, ''sin an tuige ar dódh na scadáin. Bhí mé i mo shuí ansin ag iarraidh cuimhneamh ar cibé cén diabhal rud a tharla. Tá mé dul siar arís anois le réiteach a fháil ar an chás."

"Bhail, leoga níl tú ag gabháil áit ar bith," a dúirt mé leis. "Cha mhó ná go bhfuil tú ábalta siúl. Isteach a luí leat."

"Cha dtéim," arsa Neil, agus shuigh sé agus smut air mar a bheadh tachrán ann.

Cha rachadh sé isteach a luí domh ba chuma caide a dúirt mé leis, agus leoga, bhí neart le rá agam tá mé ag insint daoibh, ach cha dearn sé difir ar bith. Mar a deir siad, nuair atá an t-ólachán istigh bíonn an chiall amuigh. "Maith go leor," a dúirt mé. Dhruid mé na fuinneoga uilig agus chuir mé an glas ar an doras cúil agus ar an doras tosaigh agus thug mé na heochracha liom isteach a luí. Bhí mé sásta go leor go raibh achan rud i gceart mar cha raibh ólachán ar bith sa teach agus thit mé i mo chodladh.

Níl a fhios agam caidé a mhúscail mé ach luigh mé ansin ag éisteacht.

Bhí sé i bhfad róchiúin. "Caithfidh gur thit sé ina chodladh," a dúirt mé liom fhéin, ach cha raibh srannfach ar bith le cluinstin. D'éirigh mé agus chuaigh mé a chuartú. Cha raibh sé le feiceáil thuas nó thíos, thall nó abhus. Chuaigh mé isteach 'na cistine agus iontas na n-iontais bhí an fhuinneog os cionn an doirtil foscailte. D'oscail mé an doras cúil agus chuaigh mé amach le mo thóirse. Bhí mé cinnte go bhfaighinn é ina luí ina chnapán faoin fhuinneog ach cha raibh sé ansin. "Bhail scrios Dé air", a dúirt mé liom fhéin, agus d'imigh mé isteach a luí. Níl a fhios agam caidé'n t-am a bhí ann ach, am inteacht roimh éirí gréine chuala mé buile ar an fhuinneog agus Neil ag cogarnach amuigh. "A Nan,"a dúirt sé, "hó, a Nan, lig isteach mé." "An bhfuil a fhios agat caidé a thig leat a dhéanamh, a Neil," a dúirt mé leis is mé ag cogarnach fosta."Caidé?" arsa Neil.



Neil Ó Cuilinn

"Thig leat theacht isteach an dóigh chéanna is a chuaigh tú amach." Char chuala mé focal eile uaidh go dtí go dtáinig sé isteach sa tseomra. Luigh sé ar an leaba gan stich a bhaint de fhéin agus thit sé ina chnap codlata. Nuair a d'éirigh sé tráthnóna chuir mé ceist air fá caidé'n dóigh a fuair sé isteach an fhuinneog? 'Sé'n rud a dúirt sé liom ná, "A Nan, a thaisce, shíl mise gur tusa a lig isteach mé?" Nach ait an mac an saol?

# John Mharcais Eoghain




JOHN: Nuair a bhí sé sa teach altranais i Ráth Mealtain traidhfil blianta ó shin

Rugadh John Ó Gallchobhair, John Mharcais Eoghan, in Ard na hAitinne i nDoire Chasáin Mhóir ar an dara la de mhí na Bealtaine 1929. Marcus Ó Gallchobhair a athair (Marcus Dhonchaidh Eoghain) agus Maighréad Nic Giolla Bhríde (Maggie 'n Choyley) a mháthair.

Tá Doire a' Chasáin Mhóir roinnte i lear páirteanna – d'fhéadfá bailte fearainn beaga a thabhairt ortha – Cnoc an Dúin, Baile Úr, Baile an Mhullaigh, Cnoc na hAitinne, Croith a' Toir, Scoilt an tSoithigh (ina bhfuil uaimh Seán Sproule, scéal eile).

Ba i gCnoc na hAitinne a tógadh John.

An chuimhne is faide siar a bhí aige nó an bhó a cheannaigh a athair ag an aonach agus a stiúg nuair a bhí gamhain aici agus ba chaill mhillteanach sin san am. Tá cuimhne aige ar fhearaibh na gcomharsan ag tarraingt na bó amach as an bhóitheach agus a cur i bpoll sa gharraí.

Ta 's aige go fóill cá bhfuil sí curtha agus cuimhne na h-ócáide sin go minic ina intinn.

Cuimhne eile a bhí aige ná Edward an Choyley, deartháir dá mháthair, ag teacht as Meiriceá agus gramafón leis—rud iontach san am. Bhí ceirníní de chuid John McCormick agus John McGettigan as Gleann Rí leis, agus fosta ceirníní le band a bhí i Meiriceá— McNulty's Band – agus ba as an Chraoslach cuid daofa sin.

Cha raibh gramafón ar bith eile san ait agus achan Domhnach thabharfadh siad an gramafón amach ar an ard agus chluinfí é ar fud an Aird Bháin, Dhoire a' Chasáin agus Dhumhaigh.

Bhí scaifte ban istigh Tigh an Choyley an chéad lá a thug a mháthair John síos ar cuairt. An chéad uair a chonaic sé a Uncail Edward, bhí sé gléasta go breá agus é ina "Yankee" galánta agus bhí lear seanbhan (in intinn John) istigh le é a fheiceáil. Bhí seáltaí orthu uilig agus

iontas an domhain ar dhuine acu caidé mar thiocfadh le fear ar bith fáil isteach sa bhocsa bheag sin le bheith ag ceol. Cé nach raibh John ach ina thachrán bhain seo gáire as. Is dóiche gur thuig sé rud éigin fán "technology".

## Athair John

Marcas Ó Gallchobhair, Marcas Dhonnchaidh Eoghain a bhí ina athair ag John. Tháinig a sheanathair, Eoghan, as Gleann Rí agus phós sé Nansaí Mharcais (Mhic Laifeartaigh) as an Bhaile Úr.

Phós Marcas Dhonnchaidh Eoghain Maggie 'n Choyley - Nic Giolla Bhríde as an Ard Bhán, iníon do Sheáin Chian agus Biddy 'n Choyley.

Bhí triúr clainne acu. Máire an duine ba sine agus rugadh í Oíche Shamhna 1924.

Marcas an dara duine agus rugadh é ar an séú lá déag de mhí an Mheithimh 1926.

Rugadh John an duine ab óige ar an dara lá de mhí na Bealtaine 1929.

Bhí athair John, Marcas Dhonnchaidh Eoghain i Middlesborough Shasana nuair a fuair sé polio. Chaith sé tréimhse san ospidéal agus nuair a bhí sé ar a chosa arís tháinig sé 'na bhaile. Bhí a dhroim i gcónaí nimhneach. Ach ansin fuair sé ailse agus fuair se bás ar an 28ú Meán Fómhair 1942 nuair nach raibh Eoghan ach trí bliana déag.

## Ar Scoil

An t- iontas is mó a bhí air ar a chéad lá ar scoil ná an buachaill beag a raibh ceann galánta catach (curly- haired) air. Deir sé go raibh se ag amharc le hiontas ar na curls ar feadh an lae. Lawrence Carrigan ab ainm dó agus bhí a athair ina fhear barra i dtigh Diamond. Bhí beirt dheartháir aige, Kevin & Gerard. Cá bhfuil siad anois?

Miss McGill – Rose, a bhí ina múinteoir san am. As deisceart an chontae a tháinig sise. Tá cuimhne mhaith aige a bheith ag foghlaim an Teagasc Críostaí, agus tá sé ábalta na



Tá John ina sheasamh ar chúl le gloinne ina lámh

ceisteanna a fhreagairt go fóill.

Trí mhúinteoir a bhí i Scoil Dhoire a' Chasáin san am (1935/36) Máistir Boyle ina phríomhoide agus Miss Kelly as an Ghleann.

Fuair Máistir Boyle bás óg – bhí Jack Mhicí Mháire, Jack Mac Pháidín, ina phríomhoide nuair a bhí John ins na h-ard ranganna.

## An Chéad Chomaoineach

Lá mór é seo i saol linbh agus bhí John ina shuí luath, nite agus cóirithe ag a mháthair. Bhí culaith úr air agus carbhat nár chaith sé ariamh cheana.

I gCarraig Airt a bhí an chéad chomaoineach agus bhí máthair John gnóthach a dhéanamh réidh.

I rith an ama bhí sí ag amharc síos ar theach Simon, ag feitheamh ar leoraí Kiely a bhí a dtabhairt suas ó theach Mhící Aindí. Ach faraor, ar deireadh chonaic sí an leoraí ach é ar a' bhealach suas go Carraig Airt.

Cha raibh 'dhath le déanamh ach siúl. D'imigh an bheirt acu, Maggie ag rith agus greim láimhe aice ar John. Bhí sí ag rith agus dúirt John nach raibh a chosa ar an bhealach leath an ama ach é 'airborne'. Cha raibh tar ar bith ar an bhealach san am.

Ag an Mhachaire Bhig casadh Katie Mhuiris Eoghan Chonchubhair agus a mac Eddie orthu, iad ar an ghnó chéanna, ach bhí an t-ádh orthu. Bhí carr ag Jimmy Anton Rua Mac Eiteagáin agus d'fhág Jimmy thuas i dTeach an Phobail iad. Seo an chéad uair a bhí John i gcarr.

Am inteacht ina dhiaidh sin fuair John asthma agus bhí sé breoite leis ar feadh lear blianta. Shíl sé fhéin gur an siúl chuig an chéad chomaoineach ba chúis leis. Blianta ina dhiaidh sin nuair a chuaigh se go hAlbain d'fhág an aicíd é agus cha raibh buaireamh aige léi ó shin.



An Teach i nDoire a'Chasáin.

Ach faraor chaill sé lear ama ón scoil de bharr an asthma. Bhí lúcháir air nuair a shroich sé na ceithre bliana déag – agus d'fhág sé an scoil – cúpla mí roimh dheireadh an chogaidh.

## Bríd

Bhí aintín ag John, Annie 'n Choyley - deirfiúr a mháthar. Bhí sí pósta ar Mhicí Mhícheáil (Mac Pháidín) as Dumhaigh. Bhí triúr clainne aici, John, Bríd agus Máire. Fuair Annie bás nuair a rugadh Máire. Tógadh John agus Maire ag muintir Mhícheáil i nDumhaigh agus thóg Maggie, máthair John, Bríd I gCnoc na hAitinne. Ta cuimhne ag John ar Mhicí Mhícheáil ag teacht le Bríd agus a fágáil.

Cailín álainn gealgháireach múinte, a thug a lán áthais agus sonas léithe. Chuaigh sí 'na scoile i nDoire a' Chasáin agus ina dhiaidh sin chuaigh sí go Meiriceá. Phós sí ansin ach cha raibh clann ar bith aici. Fuair Bríd bás óg i Meiriceá agus tá sí curtha ansin. Go ndéana Dia a mhaith uirthi.

## An Cogadh

Cha raibh John ach ocht mbliana nuair a bhris an cogadh amach. Ba chuimhin leis na daoine fásta a bheith de shíor ag caint faoi dtaobh de agus daoine ag léamh na nuachtán. Ansin tá cuimhne mhaith aige ar an lá a fógraíodh go raibh an cogadh thart. Is cuimhin leis eitleán ag teacht ón oirthear – trasna na Muirleoige agus ag eitilt amach thar Thoraigh agus iad a choimhéad. Bhí a athair agus a uncail Eoghan ag cuir strapaí ar shopóga nuair a chuala siad an scéal. Níl cuimhne aige caidé mar a spréidh an nuacht ach chuala siad an nuacht a chur áthas ar a gcroí agus d'fhág siad na sopóga agus chuaigh siad isteach 'un tigh. Rinneadh tae, chaith siad tobac agus chuaigh siad ó theach go teach, ó chuibhreann go cuibhreann agus na focla céanna ar bhéal achan duine: " Tá an cogadh thart".

## Ag Gabhail go hAlban

Chuaigh John go hAlban don chéad uair lena Uncail Eoghan ar an 31ú lá de mhí Iúil sa bhliain 1948. D'fhág siad na Dúnaibh ar bhus a thug go Doire iad. Bhí Johnny Birney ag tiomáint agus Jim Carr ag díol na dticéad. Ansin d'imigh siad ar 'Bhád Dhoire' go Glasgow. Bhí an bád lán de dhaoine a bhí ag dul go hAlban le dhul a' obair ag na feirmeoirí. Bhí craic agus callán agus ólachán ar an bhád agus bhí an-iontas air mar nach raibh sé i mbád den tsórt seo ariamh roimhe. Bhí an dá thaobh de Loch na Feabhaile clúdaithe le cabhlach na Breataine agus cabhlach Mheiriceá, rinne Bád Dhoire cúirtéis leo uilig. (salute)

Le linn na hoíche a sheol siad agus ar maidin sheol siad suas fríd chuan fhada an Clyde go dtí an Brimalaw. Bhí na trí riachtanas thábhachtacha uilig leo, siad sin-- pass, cárta aitheantais agus an leabhar ration.



Ghlac siad bus go Dún Éideann – leathchoróin (2/6) a bhí an ticéad. Fuair siad bus ó sin go Broxburn, ait a bhfuair siad lóistín an oíche sin, teach mór ina raibh na seomraí roinnte suas i gcubicles agus chosain achan chubicle 1/=. Lá arna mhárach thug siad aghaidh ar Ayrshire. Bhí cleachtadh agus fios ag a uncail ar an dóigh ab fhearr le hobair mhaith a fháil. Fuair siad obair sa

deireadh ar fheirm i Renfrewshire ag feirmeoir a raibh  Alex Campbell air, fear a raibh sean aithne ag Eoghan air.

D'oibrigh siad ar dhá fheirm -- 'Upla Moore Farm' agus 'Old Barn Farm'. Fuair Eoghan £4 sa tseachtain. Ach chan fhuair John ach £ 2'10.  Chaith siad trí mhí ansin agus i ndiaidh drochshéasúr fómhair fuair siad obair ag feirmeoir uasal a thug £4 sa tseachtain don bheirt acu.

Rinneadh teagmháil le deartháir John, sé sin Marcas, a bhí ag obair ag feirmeoir eile. D'fhan   siad i mBothy go dtí 'n Nollaig nuair a tháinig siad 'na bhaile.

## An Chéad Teacht Abhaile

Nollaig na bliana sin phill siad ar an bhaile. Fuair siad bus go Glasgow agus ansin Bád Dhoire. Bhí lúcháir an domhain orthu a bheith ar ais ar thalamh na hÉireann.

Cibé caidé tharla char éirigh leofa bus na nDúnaibh as Doire a fháil agus b'éigean dófa tacsaí a fháil. Fuair siad an tacsaí go Carraig Airt, go teach Phaidí Den Bán agus d'fhág Danny Phaidí Den Bán sa bhaile iad.

Bhí áthas ar Mhaggie agus cuireadh fearadh na fáilte rompu ach bhí dhá oiread lúcháir ar John, ar Mharcas agus ar Eoghan a bheith sa bhaile ag Maggie, Máire agus Bríd fá choinne na Nollag. Bhí Nollaig mhaith acu uilig an bhliain sin ach d'imigh siad ar ais go hAlbain an bhliain dar gcionn – 1949.

Ag tanú tornapaí a bhí siad an iarraidh seo. Conradh a bhí acu agus chuaigh siad ó fheirm go feirm. Chaith siad an téarma deireanach ag tanú i gcuibhreann mór leathbealaigh idir Dún Éideann agus Glaschú. Bhí an cuibhreann díolta leis an rialtas fa choinne aerfort – Turnhouse Airport – Aerfort Dhún Éideann anois. Chaith siad roinnt ama fá Falkirk agus Linlithgow. Chuaigh John ar cuairt chuig Joe Ned Thuathail i mBroxburn. Bhí Joe ag gabháil suas go Pittloughrey agus chuaigh John leis.

## Pittloughrey, Clooney.

Nuair a shroich siad Pittloughrey bhí obair chreathnach ag gabháil ar aghaidh. Bhí George Wimpy ag tógáil 'hydro-dam' agus bhí tollán a dhéanamh acu fríd chnoc. Bhí thart fá 300 fear ag obair ann  agus bhí lear de mhuintir an Íochtair ann agus £10.10.0 sa tseachtain acu.

An chéad oíche a chaith siad i bPittloughrey fuair siad lóistín i gClooney (míle amach as Pittloughrey). Bhí Charlie Phaidí Mhánais ann agus é ag gabháil ar obair oíche (night shift). Thug sé a leaba do John. Bhí lear de bhunadh an ÍochtaIr ansin mar a bhí Paidí Steven, Andy Bhoydie, Tuathal beag, Francie John Mhicí. Dúirt Francie le John a ghabháil ar lorg oibre ar an suíomh. Bhí beirt, athair agus mac as an Chraoslach, mar chinn urraidh ar an obair. Fir de bhunadh Mhic Giolla Bhríde, seanJimmy agus Jimmy Óg –  saoiste (foreman) agus saoiste ginearálta. Thug Jimmy Óg 'start' do John. Chaith se cúpla bliain ag obair do Wimpy agus, gan amhras, tá stampa chuid fear an Íochtair marcáilte go maith ar Pittloughrey.

Rinneadh dambaí móra agus cuireadh suas turbines chun aibhléis a dhéanamh agus cuireadh isteach píopaí ollmhóra ó cheann go ceann na hAlban.

Ach an phléisiúr ba mhó a bhí acu na an teagmháil a rinne siad leis na bradáin - seomraí móra agus dréimirí éisc le deis a thabhairt do na bradáin teacht ar ais chuig an abhainn as a dtáinig siad. Bhí daoine ann a gcuntas agus ag coinneáil cuntas orthu.

Tháinig John 'na bhaile sa bhliain 1954. Chuaigh a dheirfiúr go Meiriceá agus cha deachaigh John go hAlbain níos mó. Chaith Máire ceithre no cúig bliana i Meiriceá. Chuaigh sí go hAlbain ansin.

Phós Máire John Ó Toole. Bhí triúr clainne acu: Peter, Rosemarie & Margaret. Bhí siad ina gcónaí ar an Chraoslach. Tá Máire agus John marbh le traidhfil blianta . Chuaigh Eoghan go hAlbain achan bhlian. Ar an drochuair fuair sé bás ins an Royal Infirmary i nDún Éideann sa bhlian 1958.

Chaith John an chuid eile dá shaol sa bhaile ag feirmeoireacht agus ag obair anseo is ansiúd. Bhí veain bheag bhán aige ina dtug sé daoine chuig an Aifreann achan Domhnach. Ní raibh an tsláinte rómhaith aige sna blianta deireanacha agus fuair sé teach i gCarraig Airt. Chaith se cúpla téarma ins an ospidéal i LeitirCeanainn, i Rath Mealtáine agus i Leifear.

Bhí sé in Áras Uí Dhomhnaill i mBaile na nGallóglach le dhá bhliain. Fuair sé bás in Ospidéal Leitir Ceanainn i mbliana. Cuireadh é i Reilig Mhíobhaí lena athair agus lena mháthair. Fear modhúil, múinte a raibh sárchuimhne aige, eolas iontach aige ar stair na háite agus muintearas mhuintir na háite .

Ina óige sheinn sé ar an mhileoidean. Nuair a bhí sé ina thachrán thug a uncail, Edward an Choyley, mileoideon chuige. Bhí John ag súgradh leis. Cha raibh se ach dhá bhliain. Bhí sé ina shuí ar an urlár agus an mileoidean idir a dhá láirc. Thug an teaghlach faoi deara go raibh se ag baint ceoil as. An lá deireanach a chonaic mé é cha raibh mórán fonn seinnte air ach le giota beag spreagadh sheinn sé cúpla líne de Chruacha Glas na hÉireann agus is dóiche gur sin an port deireanach a sheinn sé. Tá súil agam go bhfuil sé anois ag seinm sna Flaithis, leis na haingil, leis na Naoimh, lena mhuintir agus le muintir an Íochtair uilig ata anois ar shlí na fírinne. Go ndéana Dia a mhaith air.

- Finola Nuosí



John sa chuibhreann.

# Teach Solais



**Ag dul trasna go dtí'n teach solais ar an Mheall Mór. Tabhair faoi deara gur málaí lán de stroighin a húsáideadh leis an bhealadh a thógáil.**

Chaith mé tráthnóna galánta le tamall i gcuideachta Jimmy Dhonnchaidh Mhicheáil agus a nighean Caitlín (Mac Giolla Bhríde) as Cluain tSaileach. Is iomaí ábhar cainte a bhí againn, ach, cosúil le go minic roimhe seo, thosaigh muid ag caint fan tsean am. Bhí mé féin agus mo mhuintir thíos ag an teach solais ar an Mheall Mhór i rith an tSamhraidh agus smaointigh mé nach raibh mórán eolais agam fan teach solais. D'fhiafraigh mé de Jimmy fá dtaobh de agus roinn sé a chuid eolais agus a chuid ama go fial flaithiúil liom.


Cha raibh Jimmy cinnte cén bhliain ar tógadh an teach solais, ach, i dtús ama, is ola phairifin a húsáideadh leis an solas a choinneáil lasta ann. Bhí turas fada le déanamh ag an ola chéanna sular tugadh chomh fada leis an teach solais í. Thosaigh an t-aistear i Leitir Ceanainn agus is leoraí de chuid Esso a thug í go Cluain tSaileach in dhá bhairille cruach (steel), 50 galún in achan bhairille. Fágadh na bairillí ag tí Dhonnchaidh Mhicheáil agus bhéarfadh duine acusan na bairillí ar bheathach (horse) agus cairt a fhad le tí Phaidí Bhurns (Mac Giolla Bhríde) ar an Mheall Mhór. Bhí an turas seo le déanamh fá dhó mar cha dtiocfadh leofa ach bairille amháin a chur ar an chairt ag an am, bheadh dhá bhairille róthrom ag an bheathach bhocht.

Ansin thiocfadh Paidí Eoghain (Mac Giolla Bhríde) as Gort na Luchóg a fhad le tí Bhurns lena asal agus cléibh agus chuirfeadh sé an

ola isteach i gcannaí chúig ghalún, chuirfeadh sé na cannaí sna cléibh agus bhéarfadh sé iad, de réir a chéile, amach go dtí'n teach solais. Is Paidí Eoghain a chuirfeadh an ola isteach sa teach solais fosta leis an solas a choinneáil lasta.
Tháinig deireadh le seo uilig nuair a tosaíodh ag úsáid cadhnraí (batteries) agus, as sin amach, bhí an teach solais ag obair go huathoibríoch (automatic). Bhí Jimmy den bharúil gur i ndeireadh na 1960aidí nó i dtús na 1970aidí a tharla seo, ach cha raibh sé cinnte fá seo.
Luaigh sé fosta gur Johnny Logue as Dún Dúbháin a d'amharc i ndiaidh an tí solais idir Dún Dúbhain agus Fánaid agus gur amach ina churach a rachadh Johnny leis an ola a chur ann. Smaoitigh ar an mhasla a bhain le seo, gan labhairt ar an chontúirt.
Tá teach solais eile faoi bhaile fearainn Mhíobhuí agus is Frank Eoghain (Ó Buadhaigh) a d'amharc i ndiaidh an chinn seo.
Tá mé cinnte gur s'iomaí scéal a bheadh acu uilig le hinse dúinne ach faoi mar a deir an mana atá ag Coimisinéirí Soilse na hÉireann, *In Salutem Omnium,* sábháltacht an uile dhuine an rud a ba thábhachtaí dóibh agus ná ligimis i ndearmad iad.
**Buíochas mór do Jimmy Dhonnchaidh Mhicheáil arís.**
***- Nóirín Goulding***


Dún Dúbhain


Míobhuí



Jimmy Dhonnaidh Mhicheáil

# Féilte na Bliana

## Eanáir 1ú.




**Lá Nollag Beag nó Lá Caille** a tugtar ar an lá seo. Déantar an bhliain úr a cheiliúradh ar an lá seo. Bhíodh gnás in Éirinn nach dtabharfaí rud ar bith ar shiúl ón teach do dhuine ar bith ar an lá seo ar eagla go rachadh ádh an tí leis.




## Eanáir 6ú.

Tugadh **Lá Cinn an Dá Lá Dhéag** ar an lá seo agus ar an oíche roimhe sin tugadh **Oíche Chinn an Dá Lá Dhéag**. Tá sé níos coitianta **Nollaig na mBan** a thabhairt air anois.

**Feabhra 1ú.** Ba fhéile mhór a bhí anseo i bhféilire na gCeilteach – am chur an tsíl, idir féile mhór na Samhna agus féile mhór na Bealtaine.



Imbolg, ba sin an chead lá den earrach, an 1Feabhra. Meastar go raibh baint ag an fhéile seo leis an séasúr a mbíodh uain ag na caoirigh. Síltear gur shíolraigh an focal Imbolg ó oí-melc (ewe-milk), a chiallaíonn – nuair a thagann bainne na caorach.




Nuair a tháinig an Chríostaíocht cuireadh cuma na Críostaíochta ar an Phágántacht agus ta Lá Fhéile Bríde againn anois don fhéile phágánach seo. Deirtear gur mhínigh sí an Tríonóid do Rí Teamhair le crois a dhéanamh as feagacha. Déantar crosa as feagacha in Éirinn oíche Fheile Bríde



**Feabhra 2ú.** Lá Fhéil' Muire na gCoinneall atá ar an dara lá den mhí. Ba ghnách Lá Fhéil' Muire Beag san Earrach a thabhairt ar an lá seo fosta.

## An Charghas.



Tosaíonn an Charghas ar **Chéadaoin an Luaithrigh**. Ar an Mháirt roimhe sin bhí **Dé Máirt na dToirtíní nó Máirt Inide.** Seo an lá a ndéantar na pancóga ach sa tseanam ba ghnách leo toirtíní beaga a dhéanamh --- toirtíní Inide.



Ní phóstaí duine ar bith le linn an Charghais agus ba **Dhomhnach na Cogarnaí** a bhí ar an Domhnach roimh an Inid mar go mbíodh na seandaoine ag cogarnach faoi cé ba dóiche pósadh.

**Domhnach na Smut:** Seo an chéad Domhnach den Charghas—bhíodh smut orthu sin nach raibh pósta nó gealladh pósta orthu roimh an lá sin.





**Domhnach na Pailme/ Domhnach na Slat./ Domhnach an Iúir.** Seo an Domhnach roimh Dhomhnach Cásca a ndéantaí na craobhacha pailme a bheannú.

**Céadaoin an Bhraith,** ba seo an Chéadaoin dheiridh den Charghas.



**Déardaoin an Bhraith/Déardaoin na gComaoineach:** Seo an Déardaoin roimh an Cháisc. Thugtaí Déardaoin na Gruaige ar an lá seo tráth den tsaol. Is cosúil gur seo an lá a bhí leagtha amach leis an ghruaig a fháil gearrtha, ag na fir go háirithe. Ní ghearrtaí an ghruaig le linn an Charghais.

**Aoine an Chéasta** –seo an lá a cuireadh Críost chun báis.

Críochnaíonn an Charghas le **Domhnach Cásca.**

**Márta 17ú.**

Seo ceann de fhéilte móra na tíre seo--- Lá 'le Pádraig. Is é Naomh Pádraig pátrún na hÉireann.



Lúireach Phádraig ( Paidir Chosanta).

Críost liom,
Críost romham,
Críost i mo dhiaidh,
Críost istigh ionam.

Críost fúm,
Críost os mo chionn,
Críost ar mo lámh dheas,
Chríost ar mo lámh chle.

Críost i mo luí dom,
Críost i mo sheasamh dom,
Críost i gcroí gach duine ata ag cuim-hneamh orm,
Críost i mbéal gach duine a labhraíonn liom,
Críost i ngach súil a fhéachann orm,
Críost I ngach cluas a éisteann liom



**Aibreán 1ú** --- Seo Lá na nAmadán.

**Aibreán 1—3.** Seo Laetha na Riabhóige. Seo tréimhse d'aimsir fhuar ag deireadh mí Mhárta nó ag tús mhí an Aibreáin.


## Bealtaine 1ú.

**An Bhealtaine Úr agus Sean-Bhealtaine.**



Is an Bhealtaine Úr a bhíonn againn ar an chéad lá den mhí. Bhíodh Sean-Bhealtaine ar an dara lá déag de Bhealtaine.

Bhíodh ceiliúradh na bhféilte págánach seo lán de ghnásanna agus ina measc seo bhí na tinte cnámh. Dhá thine chnámh a bhí i mí na Bealtaine. Ba ghnách le lánúineacha óga léimint fríd an tine seo. Gó fóill deirimid 'tá sé idir dhá thine Bhealtaine'—seo faoi dhuine a bheadh i gcruachás agus nach mbeadh a fhios aige an dóigh is fearr leis an fhadhb a réiteach.



**Lá na Croiche** a thugtaí in áiteacha ar an 3ú lá de Bhealtaine. Ansin tá **Déardaoin Deasgabhála, Déardaoin Corp Chríost, Domhnach Cincíse agus Luan Cincíse.** Níor ghnách na caoirigh a lomadh go dtí I ndiaidh na Cincíse agus deirtí nár cheart talamh a threabhadh nó a rómhar Luan Cincíse. (deargadh a dhéanamh ar thalamh).

## Meitheamh: Seo Mí na Féile Eoin/ Mí Mheán an tSamhraidh.

**9ú Lá de Mheitheamh**—ba seo Lá Fhéil' Cholmcille. I ndeisceart Chonamara bheirtí Lá an Tobair ar an fhéile seo.

**Meitheamh 21ú:** Seo an lá is faide sa bhliain.

**Meitheamh 24ú:** Lá Fhéil' Eoin agus Oíche Fhéil' Eoin/ Oíche Sin Seáin. Is seanfhéile págánach é seo. Las daoine tinte cnámh mar ómós don ghrian de thairbhe go mbeadh na laethanta ag éirí níos giorra as sin amach.

**Meitheamh 29ú**: Lá Fhéile Peadar is Pól.






Údarás na Gaeltachta

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com